C/2024/5178

22.8.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/5178)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

Pinerolese

PDO-IT-A1232-AM03

Dáta na teachtaireachta: 24.5.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Na cineálacha Nebbiolo, Malvasia, Bian Ver agus Barbera Superiore a thabhairt isteach**

Sa chéad roinn den doiciméad aonair seo, iarrann comhlachas na dtáirgeoirí go gcuirfí ceithre chineál fíona nua san áireamh faoi DOC Pinerolese. Go sonrach, tá sé i gceist go n-áireofaí mar chineálacha lenar féidir an tAinmniúchán Tionscnaimh, Nebbiolo (atá san áireamh cheana féin mar chineál sa tsonraíocht táirge le haghaidh Pinerolese DOC Rosso, a áireamh mar chineálacha a bhfuil acmhainneacht an-mhór léirithe acu le blianta beaga anuas de thurgnamh i bhfíonghort agus i bhfíonlann), mar aon le Malvasia agus Bian Ver (níl údarú faighte ag an dá cheann deireanacha ach le déanaí le haghaidh saothrú agus iad fós in easnamh ó shonraíocht DOC Pinerolese, cé go bhfuil siad fréamhaithe go láidir i stair fíonsaothrúcháin Pinerolese, mar a mhínítear thuas). Tá an cineál Superiore tugtha isteach freisin le haghaidh Barbera 'Pinerolese', rud a fhágann gur féidir cineál táirgthe a aicmiú a rinneadh i gcónaí ach nárbh fhéidir roimhe seo é a léiriú ar an lipéadú.

Baineann an leasú sin leis na hairteagail uile sa tsonraíocht táirge agus leis na ranna 'Limistéar geografach críochaithe', 'Tuairisc ar fhíonta', 'Uastáirgeachtaí' agus 'Cineálacha fíonchaor' den doiciméad aonair.

2. **Na cineálacha nua 'Pinerolese' Nebbiolo, 'Pinerolese' Malvasia agus 'Pinerolese' Bian Ver a thabhairt isteach**

I bhfianaise cineálacha Nebbiolo, Malvasia agus Bian Ver a bheith curtha isteach, is é seo a leanas an teaglaim cineálacha fíonchaor le haghaidh na gcineálacha sin:

'Pinerolese' Nebbiolo: ar a laghad 90 % Nebbiolo, arb é atá sa chuid eile de chineálacha ar a bhfuil dath comhchosúil, atá neamharamatach agus atá oiriúnach le haghaidh saothrú i réigiún Piedmont.

Le haghaidh 'Pinerolese' Malvasia, an teaglaim seo a leanas cineálacha fíonchaor: Malvasia Moscata agus Malvasia Aromatici di Candia, ina n-aonar nó i gcomhpháirt: 85 % ar a laghad, agus féadfaidh an chuid eile a bheith comhdhéanta de chineálacha ar a bhfuil dath comhchosúil, agus iad oiriúnach lena saothrú i réigiún Piedmont.

'Pinerolese' Bian Ver: ar a laghad 85 % Bian Ver, agus féadfaidh an chuid eile a bheith comhdhéanta de chineálacha ar a bhfuil dath comhchosúil, atá neamharamatach agus atá oiriúnach le haghaidh saothrú i réigiún Piedmont.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge.

3. **Limistéar geografach críochaithe**

Maidir leis an gcineál nua 'Pinerolese' Nebbiolo, tá an limistéar táirgthe teoranta do bhardais áirithe atá ina gcuid den limistéar táirgthe reatha agus tá srianta airde ann freisin. Dá bhrí sin, ar mhaithe le soiléireacht, cuireadh isteach mír shonrach maidir le limistéar táirgthe 'Pinerolese' Nebbiolo.

Níl aon athrú ar an limistéar táirgthe bunaidh.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Tá críochú an limistéir nua san áireamh sa limistéar bunaidh.

Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon athrú ar an limistéar táirgeachta foriomlán a léirítear sa tsonraíocht.

Áirítear críoch iomlán na mbardas seo a leanas i limistéar táirgthe na bhfíonchaor chun fíonta a tháirgeadh:

Cúige Turin:

Angrogna, Bibiana, Bobbio Pellice, Bricherasio, Buriasco, Campiglione Fenile, Cantalupa, Cavour, Cumiana, Frossasco, Garzigliana, Inverso Pinasca, Luserna San Giovanni, Lusernetta, Macello, Osasco, Pinasca, Pinerolo, Perosa Argentina, Pomaretto, Porte, Perrero, Pramollo, Prarostino, Roletto, Rorà, San Germano Chisone, San Pietro Val Lemina, San Secondo di Pinerolo, Torre Pellice, Villar Pellice, Villar Perosa.

Cúige Cuneo:

Bagnolo, Barge.

Maidir le limistéar táirgthe na bhfíonchaor le haghaidh táirgeadh fíonta atá incháilithe le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh 'Pinerolese', agus an téarma traidisiúnta Ramìe ag gabháil leis, áirítear críoch iomlán na mbardas seo a leanas ann: Pomaretto, Perosa Argentina.

Áirítear críoch na mbardas seo a leanas i limistéar táirgthe na bhfíonchaor chun fíonta atá incháilithe le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh 'Pinerolese' Nebbiolo a tháirgeadh:

Cúige Turin:

Bibiana, Bricherasio, Campiglione Fenile, Cavour (teoranta do chríoch Rocca), Pinerolo, Pomaretto, Prarostino, San Secondo di Pinerolo; ag airde atá idir 350 m agus 650 m os cionn leibhéal na farraige;

Cúige Cuneo:

Bagnolo, Barge; ag airde atá idir 300 m agus 550 m os cionn leibhéal na farraige.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 3 den tsonraíocht táirge agus leis an roinn 'Limistéar geografach críochaithe' den doiciméad aonair.

4. **Tuairiscí ar na cineálacha nua 'Pinerolese' Nebbiolo, 'Pinerolese' Malvasia, 'Pinerolese' Bian Ver agus 'Pinerolese' Barbera Superiore a thabhairt isteach**

I bhfianaise na gcineálacha Nebbiolo, Malvasia, Bian Ver agus Barbera Superiore a bheith curtha isteach, cuireadh na tuairiscí seo a leanas isteach:

'Pinerolese' Nebbiolo

Dath: dath dearg an rúibín, agus é cosúil le dath an ghairnéid uaireanta;

Dea-bholadh: mín agus sainiúil;

Blas: tirim, veilbhitiúil, comhchuí;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,50 % de réir toirte

Aigéadacht iomlán íosta: 5 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21,0 g/l

'Pinerolese' Malvasia

Dath: dath buí na tuí ina bhfuil déine athraitheach

Dea-bholadh: dea-bholadh sainiúil, agus é dian uaireanta;

Blas: tirim nó leath-thirim, aramatach, úr, socair, bríomhar uaireanta.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,00 %

Aigéadacht iomlán íosta: 5,00 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14,0 g/l

'Pinerolese' Bian Ver

Dath: dath buí na tuí agus imreacha scothghlasa ann;

Dea-bholadh: torthaíoch, agus blasanna féaracha ann uaireanta;

Blas: tirim nó leath-thirim, comhchuí, úr, socair;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,00 % de réir toirte;

Aigéadacht iomlán íosta: 5,0 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14,0 g/l

'Pinerolese' Barbera Superiore

Dath: dath dearg dorcha an rúibín;

Dea-bholadh: fíonmhar, dian;

Blas: tirim, úr, sainiúil;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 13,00 % de réir toirte;

Aigéadacht iomlán íosta: 5,0 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 23,0 g/l

Baineann an leasú sin le hAirteagal 6 den tsonraíocht agus leis an roinn maidir le 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)' den doiciméad aonair.

5. **Na rialacha maidir le fíonsaothrú a thabhairt cothrom le dáta**

Cuirtear na focail 'ionas nach ndéantar cáilíocht na bhfíonchaor agus an fhíona a athrú.' in ionad na bhfocal

'ionas nach ndéantar airíonna na bhfíonchaor agus an fhíona a athrú.'

Ní mór 3 000 fíniúin in aghaidh an heicteáir ar a laghad a bheith i bhfíonghoirt nuachláraithe nó athphlandaithe, arna ríomh de réir leagan amach an phlandaithe;

Baineann an leasú sin le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge.

6. **Neart íosta alcóil na gcineálacha éagsúla, de réir toirte, a chur in oiriúint do na luachanna nua.**

Tugadh an neart íosta alcóil iomlán de réir toirte cothrom le dáta, agus rinneadh é a ailíniú leis na luachanna a léirítear maidir le táirgeacht i dtonaí agus neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte:

'Pinerolese' Rosso	9	11,50
'Pinerolese' Rosato	9	11,00
'Pinerolese' Barbera	8	12,00
'Pinerolese' Barbera Superiore	7	13,00
'Pinerolese' Bonarda	8	11,50
'Pinerolese' Freisa	8	11,50
'Pinerolese' Dolcetto	8	11,50
'Pinerolese' Doux d'Henry	7	10,50
'Pinerolese' Ramìe	7,5	11,50
'Pinerolese' Nebbiolo	8	12,50
'Pinerolese' Malvasia	9	11,00
'Pinerolese' Bian Ver	9	11,00

Baineann an leasú sin le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge.

7. **Tréimhse aosaithe agus blas adhmadach a thabhairt isteach**

Cuirtear isteach na míreanna seo a leanas mar thuairiscí ar fhíonta a thagann faoi réir tréimhse aosaithe:

D'fhéadfadh dea-bholadh agus blas beagáinín adhmadach a bheith ag fíonta a stóráiltear i gcoimeádáin adhmaid.

'Pinerolese' Nebbiolo: 12 mhí d'aosú, arna ríomh ón 1 Samhain den bhliain buainte, agus 6 mhí ar a laghad den tréimhse sin i mbairillí adhmaid.

Baineann an leasú sin le hAirteagail 5 agus 6 den tsonraíocht táirge.

8. **Sonraíí maidir le coimeádáin inúsáidte a thabhairt isteach**

Níor sonraíodh ach coimeádáin ghloine le haghaidh na gcineálacha 'Pinerolese' Barbera, 'Pinerolese' Barbera Superiore, 'Pinerolese' Nebbiolo, 'Pinerolese' Doux d'Henry, 'Pinerolese' Ramìe, 'Pinerolese' Malvasia agus 'Pinerolese' Bian Ver.

Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

Ní dhéanfar na hainmniúcháin 'Pinerolese' Barbera, 'Pinerolese' Nebbiolo, 'Pinerolese' Doux d'Henry, 'Pinerolese' Ramìe, 'Pinerolese' Malvasia agus 'Pinerolese' Bian Ver a chur i láthair ach i mbuidéil nach mór a bheith déanta as gloine, agus cruth agus dath traidisiúnta orthu, iad de thoilleadh a cheadaítear leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm, gan coimeádáin dhá lítear a áireamh.

Féadfar na fíonta 'Pinerolese' Rosso agus 'Pinerolese' Rosato dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur i láthair sna coimeádáin dá bhforáiltear sa reachtaíocht atá i bhfeidhm, lena n-áirítear coimeádáin seachas gloine sa toilleadh a cheadaítear leis an reachtaíocht.

Dúnfar na buidéil trí úsáid a bhaint as na feistí a cheadaítear leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm, gan stopalláin chorónacha le haghaidh na gcineálacha 'Pinerolese' Barbera, 'Pinerolese' Barbera Superiore, 'Pinerolese' Nebbiolo agus 'Pinerolese' Ramìe a áireamh.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge.

9. **Tagairtí don chomhlacht rialúcháin a athrú**

Léirítear mionsonraí an chomhlachta rialúcháin nua.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 10 den tsonraíocht táirge agus leis an roinn 'Mionsonraí an chomhlachta rialúcháin' den doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Pinerolese

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

— 2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas an ceann sin faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar na fíonta**

—

1. 'Pinerolese' Rosso

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath dearg an rúibín agus déine athraitheach ann;

Dea-bholadh: dian, sainiúil, casta;

Blas: tirim, comhchuí;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,50 % de réir toirte;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 20,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,0 gram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

2. 'Pinerolese' Rosato

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath bándearg nó dath dearg éadrom an rúibín;

Dea-bholadh: séimh, taitneamhach, fíonmhar;

Blas: tirim, comhchuí;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,00 % de réir toirte;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

3. 'Pinerolese' Barbera

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath dearg dorcha an rúibín;

Dea-bholadh: fíonmhar, dian;

Blas: tirim, úr, sainiúil;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,00 % de réir toirte;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 20,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

4. ‘Pinerolese’ Barbera Superiore

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath dearg dorcha an rúibín;

Dea-bholadh: casta, dian;

Blas: tirim, agus struchtúr sainiúil ann;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 13,00 % de réir toirte;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 24,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

5. ‘Pinerolese’ Bonarda

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath dearg an rúibín;

Dea-bholadh: fíonmhar, sainiúil agus dian;

Blas: bog agus úr;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,50 % de réir toirte;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 19,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

6. ‘Pinerolese’ Freisa

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath dian dearg an rúibín.

Dea-bholadh: sainiúil, fíonmhar agus dian;

Blas: úr, bríomhar uaireanta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,50 % de réir toirte;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 19,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

7. 'Pinerolese' Dolcetto

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath dearg an rúibín agus imreacha corcairghorma ann.

Dea-bholadh: séimh agus fíonmhar;

Blas: tirim, bog agus úr;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,50 % de réir toirte;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 19,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

8. 'Pinerolese' Doux d'Henry

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: bándearg agus déine athraitheach ann;

Dea-bholadh: úr, torthaíoch agus taitneamhach;

Blas: bog, comhchuí, uaireanta leath-thirim;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,50 % de réir toirte;

eastósc saor ó shiúcra: 17,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

9. ‘Pinerolese’ Ramìe

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dearg agus déine éagsúil ann;

Dea-bholadh: sainiúil, úr, íogair;

Blas: tirim, comhchuí;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,50 % de réir toirte.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

10. ‘Pinerolese’ Nebbiolo

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath dearg an rúibín, agus é cosúil le dath an ghairnéid uaireanta;

Dea-bholadh: mín agus sainiúil;

Blas: tirim, íogair, comhchuí;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,50 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 22,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

11. ‘Pinerolese’ Malvasia

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath buí na tuí ina bhfuil déine athraitheach

Dea-bholadh: sainiúil, dian uaireanta;

Blas: ó thirim go leath-thirim, aramatach, úr, bríomhar uaireanta.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,00 %

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 15,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

12. 'Pinerolese' Bian Ver

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath buí na tuí, agus imreacha scothghlasa ann;

Dea-bholadh: torthaíoch, agus blasanna féaracha ann uaireanta;

Blas: tirim go leath-thirim, comhchuí, úr;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,00 % de réir toirte;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

—

5.2. *Uastáirgeachtaí*

1. 'Pinerolese' Rosso

9 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. 'Pinerolese' Rosato

9 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. 'Pinerolese' Barbera

8 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. 'Pinerolese' Barbera Superiore

7 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

5. 'Pinerolese' Bonarda

8 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. 'Pinerolese' Freisa

8 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

7. ‘Pinerolese’ Dolcetto

8 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

8. ‘Pinerolese’ Doux d’Henry

7 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

9. ‘Pinerolese’ Ramìe

7 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

10. ‘Pinerolese’ Nebbiolo

8 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

11. ‘Pinerolese’ Malvasia

9 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

12. ‘Pinerolese’ Bian Ver

9 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Áirítear críoch iomlán na mbardas seo a leanas i limistéar táirgthe na bhfíonchaor chun fíonta a tháirgeadh:

Cúige Turin:

Angrogna, Bibiana, Bobbio Pellice, Bricherasio, Buriasco, Campiglione Fenile, Cantalupa, Cavour, Cumiana, Frossasco, Garzigliana, Inverso Pinasca, Luserna San Giovanni, Lusernetta, Macello, Osasco, Pinasca, Pinerolo, Perosa Argentina, Pomaretto, Porte, Perrero, Pramollo, Prarostino, Roletto, Rorà, San Germano Chisone, San Pietro Val Lemina, San Secondo di Pinerolo, Torre Pellice, Villar Pellice, Villar Perosa.

Cúige Cuneo:

Bagnolo, Barge.

I limistéar táirgthe na bhfíonchaor le haghaidh táirgeadh fíonta atá incháilithe le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh ‘Pinerolese’ lena ngabhann an téarma traidisiúnta Ramiè, áirítear críoch iomlán na mbardas seo a leanas: Pomaretto, Perosa Argentina.

Áirítear críoch na mbardas seo a leanas i limistéar táirgthe na bhfíonchaor chun fíonta atá incháilithe le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh ‘Pinerolese’ Nebbiolo a tháirgeadh:

Cúige Turin:

Bibiana, Bricherasio, Campiglione Fenile, Cavour (teoranta do chríoch Rocca), Pinerolo, Pomaretto, Prarostino, San Secondo di Pinerolo; ag airde atá idir 350 m agus 650 m os cionn leibhéal na farraige;

Cúige Cuneo:

Bagnolo, Barge; ag airde atá idir 300 m agus 550 m os cionn leibhéal na farraige.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Avanà N.

Averengo N.

Barbera N.

Becuet N.

Bian Ver B. - Verdesse B.

Bonarda N.

Chatus N.

Dolcetto N.

Doux d'Henry N.

Freisa N.

Malvasia di Candia Aromatica B. – Malvasia

Malvasia moscata B.

Nebbiolo N.

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *'Pinerolese' DOC, catagóir 'Fíon' (dearg)*

Is limistéar é Pinerolese a bhfuil traidisiún fíonsaothrúcháin ársa aige. A bhuí lena raon leathan cineálacha fíonchaor agus lena dhálaí comhshaoil atá tipiciúil maidir le fíonsaothrú sléibhe, is féidir fíonta a bhfuil carachtar láidir, úr agus galánta acu a tháirgeadh. Tar éis é a thréigean ar feadh tréimhse fhada, tá an fíonsaothrú ar cheann de na gníomhaíochtaí talmhaíochta is dinimiciúla anois, cé go gcoimeádann sé an bhraistint gur cineál saothraithe 'laochúil' é; agus tá líon méadaitheach díograiseoirí agus taighdeoirí ag fáil amach faoi chineálacha dúchasacha agus faoi fhíonta teoranta móréilimh amhail iad siúd a fhaightear ó Ramìe, i limistéar Pomaretto, Doux d'Henry nó Avanà, Becuet nó Chatus.

8.2. *'Pinerolese' DOC, catagóir 'Fíon' (geal)*

Maidir le limistéar Pinerolese, a dtagann a ainm ón bpríomhbhardasacht atá ann, Pinerolo, i gcúige Turin, ag bun na nAlp Cottian, áit a n-osclaíonn machaire Val Chisone amach, tá aeráid aige atá faoi thionchar mór ag a ghaireacht do na sléibhte. Is eol go bhféadfadh limistéir bhunchnoic, ina bhfuil aeráidí níos úire agus risíocht shármhaith le solas na gréine, a bheith níos oiriúnaí chun fíonta geala a tháirgeadh, mar gheall ar níos mó marthanachta i ndáil le haigéadacht, mianracht agus príomhbholaithe san fhíonghort.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Maolú ar an táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll breise:

Maolú ar an táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór oibríochtaí fíonóireachta a dhéanamh laistigh de chúigí Asti, Alessandria, Cuneo agus Turin.

Buidéalú laistigh den limistéar

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll breise:

Buidéalú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Tá an limistéar buidéalaithe suite ar fud chríoch Piedmont.

Cineálacha comhlántacha sa mheascán de chineálacha fíonchaor

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Maidir leis an gcineál fíona dheirg (catagóir 'Fíon') 'Pinerolese', de bhreis ar na príomhchineálacha fíonchaor (Barbera, Bonarda, Nebbiolo agus Chatus, atá sa mheascán de chineálacha fíonchaor ag 50 % ar a laghad), féadfar cineálacha fíonchaor dearg neamharamatacha eile, atá oiriúnach lena saothrú i Réigiún Piedmont, a úsáid i dtáirgeadh an fhíona suas le huasmhéid 50 %.

Maidir leis an gcineál fíona 'Pinerolese' Ramìe (catagóir 'Fíon'), féadfar, chomh maith leis na príomhchineálacha fíonchaor (Avanà Avarengo, Chatus agus Becuet, atá sa mheascán de chineálacha fíonchaor ar 60 % ar a laghad), cineálacha fíonchaor neamharamatach eile a bhfuil dath comhchosúil orthu, agus iad oiriúnach lena saothrú i Réigiún Piedmont, a úsáid i dtáirgeadh an fhíona suas le 40 % ar a mhéad, ina n-aonar nó i dteannta a chéile.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/21167